Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 43

# Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

## Réamhrá

Mar Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 43. Dá réir sin, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an riachtanas sin, tá an cuntas atá faoi cheangal ullmhaithe agam le haghaidh an mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus speansais Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais.

Cuirtear olltoradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an méid a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana.

Tá barrachas €953,000 faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta

Na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2023, cuireadh i bhfeidhm iad agus an cuntas seo á ullmhú.

An costas, an dímheas carntha agus glanluach de réir na leabhar a bhaineann le sócmhainní doláimhsithe a léiríonn fáil agus forbairt bogearraí, aistríodh ó Mhaoin, gléasra agus trealamh iad. Rinneadh saolréanna úsáideacha agus rátaí amúchta gaolmhara móraicmí de shócmhainní doláimhsithe a mheas mar a leanas:

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré úsáideach* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | Téarma ceadúnais 5 bliana | 20% |

# An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú i gcónaí.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh soláthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, airgeadais agus párolla.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le soláthar na seirbhísí comhroinnte, seirbhísí comhroinnte airgeadais ina measc, don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun clistí suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras maidir leis an rialú inmheánach airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus, go háirithe, lena ndeimhnítear gur fíor an méid seo a leanas

- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- tá córas bainistithe riosca ag feidhmiú taobh istigh den Roinn
- tá córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú ann
- tá treoirlínte cuí rialaithe maidir le hinfheistiú caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann
- cinntíonn an Oifig go leagtar an bhéim chuí ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Slándáil sonraí***

I ról Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) mar sholáthraí seirbhíse do chomhlachtaí earnála poiblí éagsúla, tá cosaint ilsrathach i bhfeidhm ag an Oifig i leith na cibearshlándála agus maidir le córais, bonneagair agus seirbhísí TFC a chosaint. Tá deimhniúchán ISO 27001 bainte amach ag an Oifig trí Certification Europe, comhlacht deimhniúcháin a bhfuil creidiúnú idirnáisiúnta aige. Cuireann an córas bainistíochta slándála faisnéise sin creat ginearálta rialachais ar fáil don tslándáil faisnéise agus leagann sé amach beartais, cuspóirí, maoirseacht bainistíochta, cleachtais agus rialachas a bhaineann le slándáil agus cinntíonn sé feabhas leanúnach na bainistíochta slándála faisnéise. Baintear straitéis slándála na hOifige, is é sin cosaint ilsrathach, amach trí dhaoine, próisis agus teicneolaíocht a úsáid le tacú le cur i bhfeidhm seirbhísí slándála TFC.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a mbíonn an Oifig nochta dóibh agus bíonn a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Áirithíonn an Oifig go leagtar béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair agus conarthaí á mbronnadh agus go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. Bhí caiteachas ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear costas na foirne conraithe, cothrom le €36 milliún in 2023.

Sholáthair an Oifig sonraí ar chúig chonradh neamhiomaíocha ach chomhlíontacha de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Chomhlíon an Oifig na nósanna imeachta cuí náisiúnta agus AE.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe lena sonraítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a dhéanann na príomhrioscaí i gcoinne na Roinne a shainaithint agus rinneadh na príomhrioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a rangú de réir shuntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar na rioscaí ardleibhéil atá os comhair na Roinne ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil

agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an clár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé an fhreagracht as feidhmiú rialuithe a oibriú a shanntar ar bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a thógáil agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go ndearnadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shonrú agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

***Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2023 ar ghá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**David Moloney**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais

7 Márta 2024

## An tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 43 Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 43 – Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 43 – Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair leis an gcuntas leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meitheamh 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 43 Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Seirbhísí TFC an Rialtais | | | | |
| | *Bunmhéid* | 40,483 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 4,903 | | | |
| | | | 45,386 | 44,534 | 43,154 |
| **Ollchaiteachas** | | | **45,386** | **44,534** | **43,154** |
| | *Asbhain* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | **197** | **298** | **220** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 40,286 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 4,903 | | | |
| | | | **45,189** | **44,236** | **42,934** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **952,989** | **368,007** |

**David Moloney**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais

7 Márta 2024

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 36,544 | 36,170 |
| Pá | | 6,438 | 5,629 |
| Neamhphá | | 1,552 | 1,355 |
| **Ollchaiteachas** | | **44,534** | **43,154** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **298** | **220** |
| **Glanchaiteachas** | | **44,236** | **42,934** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (12,161) | | |
| Dímheas | 2,514 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (807) | | |
| Amúchadh | 229 | | |
| | | (10,225) | (16,478) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| (Méadú)/Laghdú ar réamhíocaíochtaí | | 718 | (329) |
| Méadú/(Laghdú) ar speansais fhabhraithe | | 58 | 276 |
| **Caiteachas díreach** | | **34,787** | **26,403** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | (8,217) | (6,204) |
| **Glanchostas an chláir** | | **26,570** | **20,199** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Cuimsítear i méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 43 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do vótaí eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Oifig an Aire Airgeadais | — | 41 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 613 | 1,558 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 33 | 32 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 977 | 1,092 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 738 | 135 |
| | | 2,361 | 2,858 |
| Costas seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do vótaí eile | | (10,578) | (9,062) |
| | | **(8,217)** | **(6,204)** |

## Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 16,123 | 6,476 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 15,759 | 15,181 |
| **Sócmhainní seasta iomlána** | | 31,882 | 21,657 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 906 | 552 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 2,743 | 3,461 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 222 | 259 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **3,871** | **4,272** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 647 | 589 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 603 | 772 |
| Glanmhaoiniú an Státchiste | 2.6 | 525 | 39 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **1,775** | **1,400** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 2,096 | 2,872 |
| **Glansócmhainní** | | **33,978** | **24,529** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.7 | **33,978** | **24,529** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 19,744 | 17 | 19,761 |
| Breiseanna | 12,161 | — | 12,161 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 31,905 | 17 | 31,922 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 13,270 | 15 | 13,285 |
| Dímheas don bhliain | 2,512 | 2 | 2,514 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 15,782 | 17 | 15,799 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **16,123** | **—** | **16,123** |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 6,474 | 2 | 6,476 |

Nóta [a] Amhail an 1 Eanáir 2023, aistríodh bogearraí faighte agus forbartha chuig Sócmhainní doláimhsithe (féach nóta 2.2)

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe [a]

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt [b] | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 1,122 | 14,694 | 15,816 |
| Breiseanna | 279 | 528 | 807 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | 1,401 | 15,222 | 16,623 |
| | | | |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 635 | — | 635 |
| Amúchadh don bhliain | 229 | — | 229 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | 864 | — | 864 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | 537 | 15,222 | 15,759 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 487 | 14,694 | 15,181 |

Nóta a Amhail an 1 Eanáir 2023, aistríodh bogearraí faighte agus forbartha ó Mhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1).

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí TF | 667 | 1,114 |
| Ceadúnais | 1,837 | 1,938 |
| Cothabháil bogearraí | 206 | 46 |
| Seirbhísí teileachumarsáide | 33 | 363 |
| | **2,743** | **3,461** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Líonraí Rialtais | 172 | 221 |
| Seirbhísí gníomhaireachta | 10 | — |
| Cuntais fionraí dochair eile | 6 | 5 |
| Forchúiteamh daoine ar iasacht | 34 | 33 |
| | **222** | **259** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 110 | 103 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 61 | 37 |
| Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla | 212 | 241 |
| Cáin bhreisluacha | 177 | 361 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 19 | 16 |
| | 579 | 758 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 24 | 14 |
| | **603** | **772** |

## 2.6 Glanmhaoiniú an Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 953 | 368 |
| Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe | (428) | (329) |
| **Glanmhaoiniú an Státchiste** | **525** | **39** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 906 | 552 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 222 | 259 |
| | 1,128 | 811 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (579) | (758) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | [24] | (14) |
| | (603) | (772) |
| | **525** | **39** |

## 2.7 Cuntas maoinithe an Stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 24,529 | 7,998 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 45,189 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (953) | | |
| Glanvóta | | | 44,236 | 42,934 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | (8,217) | (6,204) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (26,570) | (20,199) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **33,978** | **24,529** |

## 2.8 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 781 | 1,917 |
| **Iomlán** | **781** | **1,917** |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos san áireamh i gClár A chun costais iomlána an chláir a léiriú.

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 7,486 | 6,438 | 5,629 |
| ii | Taisteal agus cothú | 70 | 59 | 36 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 70 | 70 | 48 |
| iv | Seirbhísí gairmiúla, sainchomhairleoireachta agus eile | 1,200 | 1,196 | 892 |
| v | Speansais oibriúcháin | 67 | 61 | 72 |
| vi | Speansais sócmhainní agus trealaimh | 150 | 137 | 148 |
| vii | Speansais áitreabh agus lóistín | 40 | 29 | 23 |
| viii | Speansais chumarsáide agus mhargaíochta | — | — | 136 |
| | | **9,083** | **7,990** | **6,984** |

### Seirbhísí TFC Rialtais Chlár A

| | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán − pá | | 7,486 | 6,438 | 5,629 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | 1,597 | 1,552 | 1,355 |
| A.3 | Seirbhísí TFC an Rialtais | | | | |
| | *Bunmhéid* | 26,900 | | | |
| | Méid Forlíontach | 4,903 | 31,803 | 32,044 | 17,670 |
| A.4 | Téarnamh agus Athléimneacht AE | | 4,500 | 4,500 | 18,500 |
| | | | **45,386** | **44,534** | **43,154** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leis an méid seo a leanas leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000).

**A.3 Seirbhísí TFC an Rialtais**

*Soláthar sna meastacháin €26.9m; toradh €32.0m*

Áiríodh meastachán forlíontach €4.903m san fho-cheannteideal seo.

Leis an bhfo-cheannteideal cláir seo déantar foráil maidir le seachadadh agus forbairt réimse leathan seirbhísí TFC ar fud an Rialtais, lena n-áirítear an tsraith seirbhísí Tógáil le Roinnt (BTS).

Ba é ba chúis leis an mbarrachas caiteachais san fho-cheannteideal seo ná an leathnú ar an Ardán Náisiúnta Íseal-Aga (NLLP – féach nóta 6.2) chuig calafoirt Bhaile Átha Cliath, Ros Láir agus Chorcaí ag baint úsáid as nascacht 5G, snáithín optúil dhorcha, agus raidió. Tá coinne leis go bhforchúiteoidh an Státchiste an chuid neamh-CBL de na costais, is coibhéiseach le €4 mhilliún, trí Chúlchiste Coigeartaithe Brexit. Ní mhaoinítear an ghné CBL den chaiteachas leis an gCúlchiste, atá cothrom le €0.903 milliún sa chás seo.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Fíoraithe** | **Fíoraithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Ilghnéitheach | 17 | 107 | 41 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 180 | 191 | 179 |
| | **Iomlán** | **197** | **298** | **220** |

## Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Líon na mball foirne ag deireadh na bliana | 100 | 81 |

## 5.2 Pá

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 5,788 | 5,056 |
| Liúntais eile | 67 | 68 |
| Ragobair | 59 | 66 |
| ÁSPC an Fhostóra | 524 | 439 |
| **Pá iomlán** | **6,438** | **5,629** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair ba mhó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| Liúntais | 12 | 1 | 13,596 | 15,527 |
| Ragobair | 24 | — | 6,895 | 14,825 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — | — |

## 5.4 Foireann OGCIO de réir banda pá

Seo a leanas líon fostaithe OGCIO a raibh a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; diomaite de ÁSPC an fhostóra, costais pinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh.

| Bandaí Pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go | 2023 | 2022 |
| 20,000 | 59,999 | 53 | 56 |
| 60,000 | 69,999 | 14 | 5 |
| 70,000 | 79,999 | 8 | 13 |
| 80,000 | 89,999 | 5 | 2 |
| 90,000 | 99,999 | 8 | 10 |
| 100,000 | 109,999 | 1 | 1 |
| 110,000 | 119,999 | 3 | 2 |
| 120,000 | 129,999 | 1 | — |
| 130,000 | 139,999 | 1 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 1 | 1 |

### 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 6 | 11,383 | 24,537 |
| Pleananna téarnaimh atá i bhfeidhm | — | — | 1,162 |

### 5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 43 Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe freisin. Nochtar a leibhéal tuarastail sa Chuntas Leithreasa do Vóta 11.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain a bhunaithe | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| An Bord um Rialachas Sonraí [a] | 2021 | 27 | 22 |

Nóta [a] Bunaíodh an Bord um Rialachas Sonraí leis an Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019. Tá ról tábhachtach ag an mBord maidir le forálacha an Achta a chur i bhfeidhm.

Faoin reachtaíocht, tá cumhachtaí dlíthiúla agus oibleagáidí ag an mBord a shainítear go soiléir agus cuirfidh sé comhairle ar an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le:

- ainmniú agus feidhmiú bunchlárlann (chun sonraí saoránach a choimeád)
- caighdeáin agus treoirlínte um bainistíocht sonraí a thabhairt isteach
- comhlíontacht comhlachtaí poiblí leis na caighdeáin agus treoirlínte thuasluaite a chur chun cinn agus tuairisciú uirthi
- cosc a chur ar chomhlachtaí earnála poiblí sonraí áirithe a bhailiú
- ordú a thabhairt do chomhlachtaí earnála poiblí sonraí a roinnt faoin Acht
- ainmniú agus feidhmiú bunchlárlann, agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaontuithe comhroinnte sonraí uile faoin Acht.

Is trí fho-cheannteideal an tuarastail a dhéantar luach saothair a íoc le baill incháilithe an Bhoird.

## 6.2 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear sa toradh a léirítear i bhfo-cheannteideal A.4 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí a chuimsítear sa Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar seo a leanas a bhí na meastacháin ar chaiteachas agus na fíor-thorthaí.

| | | 2023 Meastachán €000 | 2023 Toradh €000 | 2022 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| A.4 | Téarnamh agus Athléimneacht AE [a] | 4,500 | 4,500 | 18,500 |
| | | **4,500** | **4,500** | **18,500** |

Nóta [a] B'fho-cheannteideal nua é seo in 2022. Dháil an tAontas Eorpach €23 milliún ar OGCIO mar chuid dá Chlár Téarnaimh agus Athléimneachta chun tionscadal an Ardáin Náisiúnta Íseal-Aga (NLLP) a mhaoiniú. Caitheadh €18.5m in 2022 agus caitheadh €4.5m in 2023. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal sin a chinntiú go n-uasmhéadaíonn an tseirbhís phoiblí tairbhí agus torthaí 5G agus go ndéanann sí forbairt ar a hacmhainn dul i mbun nuálaíochta trí nascacht mhéadaithe a thacaíonn le húsáid teicneolaíochtaí nua.

## 6.3 Seirbhísí TFC an Rialtais

Leis an bhfo-cheannteideal cláir seo déantar foráil maidir le seachadadh agus forbairt réimse leathan seirbhísí TFC ar fud an Rialtais, lena n-áirítear an tsraith seirbhísí Tógáil le Roinnt (BTS) lena gcuimsítear na nithe seo a leanas a sheachadadh

- seirbhísí barr deisce bainistithe do bhreis agus 8,500 úsáideoir ar fud 27 comhlacht seirbhíse poiblí i 40 suíomh
- feidhmchláir choiteanna do bhreis agus 58,000 úsáideoir i 55+ comhlacht seirbhíse poiblí
- seirbhísí líonra rialtais do bhreis agus 150 comhlacht seirbhíse poiblí i 1,100 suíomh
- suíomhanna gréasáin lena n-áirítear Gov.ie – foinse aonair faisnéise maidir leis an rialtas
- néal príobháideach an rialtais – néalseirbhísí a chur ar fáil do chomhlachtaí seirbhíse poiblí
- seirbhísí Rialtas mar Ardán (GaaP) atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear Bosca Poist Digiteach, an Tairseach Aonair Dhigiteach (lena gcomhlíontar ceanglas rialála AE), Tiachóg Dhigiteach an Rialtais (lena gcomhlíontar ceanglas rialála AE).

Leis an toradh a léirítear i bhfo-cheannteideal A.3 Seirbhísí TFC an Rialtais, áirítear íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a éascaítear trí mheastachán forlíontach €4.903 milliún.